Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14825/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0380(NLE)**

**MAR 136**
**OMI 68**
**ENV 1209**
**RELEX 1245**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 663 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 33ú seisiún den Tionól i dtaca le glacadh na leasuithe ar na Treoirlínte faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta ag lucht Riarachán, Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí a bhaineann le Cód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO agus na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, agus glacadh an dréachtRúin ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha ‘loingseoireacht dhorcha’ san earnáil mhuirí a chosc. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 663 final.

Faoi iamh: COM(2023) 663 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2023
COM(2023) 663 final

2023/0380 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 33ú seisiún den Tionól i dtaca le glacadh na leasuithe ar na Treoirlínte faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta ag lucht Riarachán, Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí a bhaineann le Cód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO agus na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, agus glacadh an dréachtRúin ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireacht dhorcha' san earnáil mhuirí a chosc.**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 33ᵘ seisiún de Thionól na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (A 33) a bheidh ar siúl ón 27 Samhain go dtí an 6 Nollaig 2023.

Le linn an 33ú Tionól, tá sé beartaithe na nithe seo a leanas a ghlacadh:

(1) Leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC), 2021 agus rún A.1156(32) ón Tionól a chúlghairm:

(2) Leasuithe ar na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (ISM) ag lucht Riarachán;

(3) Leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III);

(4) Leasuithe ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu (rún A.949(23)); agus,

(5) Dréachtrún ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireachta dorcha' san earnáil mhuirí a chosc.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-Rialtasacha

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idir-Rialtasacha a bhunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Is é is cuspóir do IMO fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingeas atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, tá sé d'aidhm aici glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Bíonn sí ag plé freisin leis na hábhair riaracháin agus dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

### 2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí ó longa a chosc. Is é IMO an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil an loingis idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála cóir éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingis, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is féidir le gach Stát a bheith ina chomhalta de IMO agus tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. An Socrú le haghaidh Comhoibriú agus Comhar a tugadh i gcrích idir an Eagraíocht Chomhairleach Mhuirí Idir-rialtasach (IMCO) agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach in 1974, is air go háirithe atá caidreamh an Aontais le IMO bunaithe.

Is é Tionól IMO comhlacht rialaithe na heagraíochta. Cuimsíonn sé Ballstáit uile IMO a thagann le chéile gach dara bliain agus féadfaidh sé a mholadh do na Comhaltaí rialacháin agus treoirlínte nó leasuithe ar rialacháin agus treoirlínte den sórt sin a comhaontaíodh i ngach ceann de chúig phríomhchoiste IMO a ghlacadh. I measc na gcúig choiste sin tá an Coiste Muir-Shábháilteachta (MSC) agus an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (MEPC).

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Tionól IMO

Ón 27 Samhain go dtí an 6 Nollaig 2023, le linn an 33ú seisiún a reáchtálfar, glacfaidh an Tionól leasuithe ar na nithe seo a leanas: na Treoirlínte faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC), na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán, Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí a bhaineann le Cód III, na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu agus Dréachtrún ón Tionól a ghlacadh chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireacht dhorcha' san earnáil mhuirí a chosc.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar na Treoirlínte faoin gcóras comhchuibhithe suirbhéireachta agus deimhniúcháin iad a thabhairt cothrom le dáta chun ceanglais a léiriú ar ceanglais iad a eascraíonn as leasuithe ar na hionstraimí sainordaitheacha ábhartha a thagann i bhfeidhm suas go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an dáta sin san áireamh, lena n-áirítear leasuithe chun an treoir a fhorbairt maidir le measúnuithe agus cur i bhfeidhm ciansuirbhéanna.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Threoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán treoir a thabhairt maidir le ciansuirbhéanna agus cianiniúchtaí.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III liosta 2021 a thabhairt cothrom le dáta de réir forálacha reachtacha breise a ghlac MSC agus MEPC araon.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu a áirithiú go mbeidh rún IMO cothrom le dáta agus go leanfaidh sé de bheith ina ionstraim éifeachtach lena soláthraítear creat soiléir, chun déileáil le long atá ag lorg áit dídine, ar bhealach comhsheasmhach comhchuibhithe ar fud an domhain.

Is é is cuspóir don Rún atá beartaithe ón Tionól maidir le gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireacht dorcha' san earnáil mhuirí a chosc, Bratstáit, Stáit chalafoirt agus Stáit chósta a spreagadh agus a ghríosú chun bearta a dhéanamh chun gníomhaíochtaí amhail aistrithe ó long go long ar muir a chosc.

# 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

## 3.1. Leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2021 agus cúlghairm A.1156(32)

Chomhaontaigh an Fochoiste um Chur Chun Feidhme ag an mBratstát, réamhtheachtaí an Fhochoiste um Chur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (III), athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar Threoirlínte Suirbhéireachta HSSC. Dá bhrí sin, tugtar na Treoirlínte Suirbhéireachta cothrom le dáta ag gach seisiún de Thionól IMO. Tá an leagan is déanaí de na Treoirlínte Suirbhéireachta san áireamh i rún A.1156(32), agus glacadh é ag an 32ra seisiún den Tionól in 2021.

Sa 7ú seisiún, d'athbhunaigh III an Grúpa Comhfhreagrais maidir leis an Athbhreithniú ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoi HSSC agus Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III), faoi

chomhordú na Síne. Is rud é sin a rinneadh ar an mbealach céanna cheana i seisiúin eile de chuid III roimhe seo.

Iarradh ar an nGrúpa Comhfhreagrais, i measc nithe eile, leanúint de dhréachtleasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta a fhorbairt, dréachtleasuithe a eascraíonn as na leasuithe ar na hionstraimí éigeantacha ábhartha atá le teacht i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an dáta sin san áireamh, agus toradh MSC 103, MEPC 76 agus seisiúin MSC agus MEPC amach anseo á gcur san áireamh, de réir mar is iomchuí, d'fhonn dréachtleasuithe a chur isteach, mar a tugadh chun críche iad i bhfoirm chomhdhlúite, lena nglacadh ag A 33.

Le linn an 8ú seisiún den III, thug an Fochoiste dá haire nach raibh an Mheitheal in ann, mar gheall ar shrianta ama, athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtleasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhniúcháin (HSSC), 2021 (rún A.1156(32)), agus chuir sí an t-ábhar siar go III 9.

Chomhaontaigh an Fochoiste gur ghá na dréachtleasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta a fhorbairt tuilleadh chun go n-áireofaí na ceanglais a eascraíonn as leasuithe ar ionstraimí ábhartha IMO a thiocfaidh i bhfeidhm suas go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an dáta sin san áireamh, d'fhonn dréachtleasuithe ar III 9 a chur isteach lena dtabhairt chun críche sula bhféadfaí iad a chur isteach go díreach san fhoirm chomhdhlúite chuig A 33 lena nglacadh, faoi réir formheas a fháil ó na Coistí.

Chomhaontaigh an Fochoiste freisin an Grúpa Comhfhreagrais ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin HSSC, Liosta Neamh-uileghabhálach na nOibleagáidí, agus an Treoir maidir le Ciansuirbhéanna, Cianiniúchtaí agus Cianfhíorúcháin a athbhunú.

In III 9, chomhaontaigh an Fochoiste ar na dréachtleasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoi HSSC (rún A.1156 (32)), atá le glacadh le linn an 33ú seisiún den Tionól.

Ba é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe a moladh ach iad a chur faoi bhráid na meithle lena n-athbhreithniú agus lena dtabhairt chun críche le linn an tseisiúin.

Eascraíonn na leasuithe atá beartaithe as na leasuithe ar na hionstraimí éigeantacha ábhartha atá le teacht i bhfeidhm suas go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an dáta sin san áireamh, lena n-áirítear forálacha le haghaidh ciansuirbhéireachta. Tagraíonn an nuashonrú atá le glacadh do chiansuirbhéanna agus do chianiniúchtaí agus coimeádtar a raon feidhme teoranta d'imthosca urghnácha amháin, go dtí go bhforbróidh IMO Treoirlínte mionsonraithe.

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin, toisc go n-áiritheofar leo go gcuirfear na forbairtí nua san áireamh sna Treoirlínte Suirbhéireachta agus go leanfaidh siad de bheith cothrom le dáta.

### 3.2. Leasuithe ar na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán

Le linn MSC 104, bunaíodh aschuir nua maidir le ciansuirbhéireacht agus cianiniúchóireacht a rialáil; agus maidir le treoirlínte a fhorbairt le haghaidh cianiniúchtaí agus cianfhíoruithe i réimse na slándála muirí. Chomhaontaigh an Coiste aschur nua maidir le 'Treoir a fhorbairt maidir le measúnuithe agus cur i bhfeidhm ciansuirbhéanna, iniúchtaí ar an gCód ISM agus fíoruithe ar an Cód Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt (Cóid ISPS)'a chur san áireamh i gclár oibre débhliantúil Fhochoiste III le haghaidh 2022-2023 agus sa chlár oibre sealadach le haghaidh III 8, le 2024 le bheith ina spriocbhliain chríochnaithe. Chomhaontaigh MEPC 77 an rud céanna.

Le linn III 8, chomhaontaigh an Fochoiste gur cheart go mbeadh na trí chuid nó na fo-aschuir seo a leanas sa chreat don aschur:

1. leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoi HSSC (cuid 1);
2. leasuithe ar na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (ISM) (cuid 2); agus
3. treoir a fhorbairt maidir le measúnuithe agus feidhmeanna ciansuirbhéanna, iniúchtaí ar an gCód ISM agus fíoruithe ar chóid ISPS (cuid 3).

Chomhaontaigh an Fochoiste freisin go nglacfar leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoi HSSC (cuid 1) agus leasuithe ar na Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (ISM) (cuid 2) ag A 33 in 2023.

D'ordaigh an Fochoiste don Ghrúpa Comhfhreagrais maidir leis na Treoirlínte Suirbhéireachta faoi HSSC, Liosta Neamh-uileghabhálach na nOibleagáidí, agus an Treoir maidir le Ciansuirbhéanna, Cianiniúchtaí agus Cianfhíorúcháin, i measc nithe eile, leasuithe ar na Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán a fhorbairt tuilleadh agus a thabhairt chun críche (rún A.1118(30)).

Bhí údarú tugtha ag MSC 106 agus MEPC 79 do III 9 toradh a chuid oibre a bhaineann leis na dréacht-Treoirlínte Suirbhéireachta faoi HSSC, 2023 a thuairisciú, lena n-áirítear forálacha le haghaidh ciansuirbhéanna agus na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán, lena n-áirítear forálacha maidir le cianiniúchtaí ar an gCód ISM, ar nithe iad a mheastar a ghlacfar mar rúin Tionóil ag A 33.

Le linn III 9, chomhaontaigh an Fochoiste ar na leasuithe ar na Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán (rún A.1118(30)) d'fhonn iad a chur faoi bhráid A 33 lena nglacadh.

Ba é seasamh an Aontais tacú leis na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán, agus mhol sé go ndéanfaí athbhreithniú orthu i meitheal ar mhaithe le bailchríoch a chur orthu, agus leasuithe breise molta á gcur san áireamh freisin.

Ba cheart gurbh é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin, toisc gur túsphointe iad don chreat chun treoir a fhorbairt maidir le ciansuirbhéanna, iniúchtaí ar an gCód ISM agus fíoruithe ar chóid ISPS, agus an creat sin a fhorbairt tuilleadh agus a thabhairt chun críche ag an gcéad chéim eile.

### 3.3. Leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III

Mar threoir maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú ionstraimí IMO, go háirithe maidir le réimsí in-iniúchta a shainaithint atá ábhartha do Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO, tá liosta neamh-uileghabhálach d'oibleagáidí á fhorbairt ag IMO faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III). Rinne an t-athbhreithniú is déanaí ar an liosta sin in 2021 agus é ina iarscríbhinn a ghabhann le Rún A.1157(32) agus glacadh é ag A 32. Ó shin i leith, ghlac MSC agus MEPC araon forálacha reachtacha breise.

Chomhaontaigh III 8 maidir leis na hiarscríbhinní a ghabhann le Liosta neamh-uileghabhálach 2021 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme ionstraimí IMO, gur ghá na hiarscríbhinní sin a fhorbairt tuilleadh chun an liosta a choinneáil cothrom le dáta le leasuithe ar ionstraimí éigeantacha ábhartha IMO atá le teacht i bhfeidhm suas go dtí an 1 Iúil 2024 agus an dáta sin san áireamh.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Fochoiste an Grúpa Comhfhreagrais maidir leis na Treoirlínte Suirbhéireachta faoi HSSC, Liosta Neamh-uileghabhálach na nOibleagáidí, agus an Treoir maidir le Ciansuirbhéanna, Cianiniúchtaí agus Cianfíorúcháin, faoi chomhordú na

Síne, chun, *inter alia*, leanúint de na dréachtleasuithe ar Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí a fhorbairt, d'fhonn dréachtleasuithe a chur isteach ar an Liosta neamh-uileghabhálach, mar a tugadh chun críche i bhfoirm chomhdhlúite, lena nglacadh ag A 33.

De bharr srianta ama, ní raibh III 8 in ann bailchríoch a chur ar an athbhreithniú ar na dréachtleasuithe a bhí beartaithe ar Liosta neamh-uileghabhálach 2021 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III. Dá bhrí sin, chomhaontaigh an Fochoiste leanúint leis an athbhreithniú sa Ghrúpa Comhfhreagrais d'fhonn bailchríoch a chur air ag III 9.

Ba é seasamh an Aontais ag III 9 tacú leis na haighneachtaí ábhartha a úsáidtear mar bhonn chun nuashonrú a dhéanamh ar Liosta neamh-uileghabhálach 2021 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin chun an liosta a choinneáil cothrom le dáta leis na leasuithe ar ionstraimí éigeantacha ábhartha IMO atá le teacht i bhfeidhm suas go dtí an 1 Iúil 2024 agus an dáta sin san áireamh.

**3.4. Leasuithe ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu (rún A.949(23));**

D'fhormheas MSC 100 an iarraidh ar aschur nua chun nuashonrú a dhéanamh ar rún reatha IMO A.949(23) i dtaca le Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu.

Ag an 7ú seisiún den Fhochoiste um Loingseoireacht, Cumarsáid agus Cuardach agus Tarrtháil (NCSR 7), a cuireadh de chúram air oibriú ar an tsaincheist seo, comhaontaíodh Grúpa Comhfhreagrais a bhunú, faoi chomhordú na Ríochta Aontaithe, chun leanúint leis an obair. Forbraíodh plean oibre freisin d'fhonn bailchríoch a chur ar na Treoirlínte ag NCSR 8, lena bhformheas ag MSC, MEPC agus an Coiste Dlí (LEG), in am dá nglacadh ag Tionól 32. D'fhormheas MSC 102 an plean oibre mear-riain sin.

Ní raibh NCSR 8 in ann bailchríoch a chur ar na dréacht-Treoirlínte, faraor. I bhfianaise na heaspa dul chun cinn maidir leis na treoirlínte a thabhairt chun críche, chomhaontaigh an Fochoiste an Grúpa Comhfhreagrais a athbhunú, faoi chomhordú na Ríochta Aontaithe, d'fhonn iad a thabhairt chun críche ag NCSR 9.

Chuir NCSR 9 cinntí, barúlacha agus tograí a rinneadh sa suí iomlánach san áireamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-athbhreithniú ar rún A.949(23) maidir le Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu agus chun an dréacht-athbhreithniú sin a bhailchríochnú. Chomhaontaigh an Fochoiste leis an dréachtrún ón Tionól i dtaca le Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, agus d'iarr sé ar an gCoiste é a fhormheas, d'fhonn go ndéanfadh MEPC agus Coiste LEG é a fhormheas ina dhiaidh sin, agus go nglacfaí é ag A 33.

Ba é seasamh an Aontais tacú go gníomhach le bailchríoch a chur ar an athbhreithniú ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu.

D'fhormheas MSC 106 an dréachtrún ón Tionól i dtaca leis an athbhreithniú ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu (rún A.949 (23)), tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an rún sin ag NCSR 9, agus d'iarr sé ar MEPC agus ar an gCoiste Dlí an rud céanna a fhormheas, d'fhonn go nglacfadh an Tionól é ag a thríú seisiún is tríocha.

D'fhormheas LEG 110 an dréachtrún céanna ón Tionól le roinnt mionleasuithe nach ndéanann difear d'ábhar oibríochtúil na dtreoirlínte.

Ar deireadh, d'fhormheas MEPC 80 dréachtrún ón Tionól i dtaca le Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, arna leasú ag LEG 110, lena mbreithniú, d'fhonn iad a ghlacadh, ag A 33.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin chun a áirithiú go bhfanfaidh rún IMO cothrom le dáta agus go leanfaidh sé de bheith ina ionstraim éifeachtach lena soláthraítear creat soiléir, chun déileáil le long atá ag lorg áit dídine, ar bhealach comhsheasmhach comhchuibhithe ar fud an domhain.

**3.5. Glacadh dréachtrún ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireachta dorcha' san earnáil mhuirí a chosc.**

Le linn MEPC 80, bhreithnigh an Coiste aighneacht chun feasacht a mhúscailt maidir leis na rioscaí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann, na hiarmhairtí agus na hábhair imní maidir le córais dhomhanda um chosc agus um dhliteanas agus um chúiteamh ar an truailliú atá ann mar gheall ar an méadú ar aistrithe ó long go long (STS) ar muir, lena n-áirítear ag longa a úsáideann 'oibríochtaí dorcha' (i.e. trasfhreagróirí satailíte a mhúchadh agus modhanna eile um chlaonadh amhail crioscaíl suímh, claonais chúrsa) chun dul timpeall ar na srianta a leagtar amach i gcórais smachtbhannaí agus costais arda árachais. Dá réir sin, bhreithnigh an Coiste dréachtrún ón Tionól a leagan amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad ag tathant ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara ábhartha uile gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireacht dhorcha' san earnáil mhuirí a chosc.

Tar éis an phlé, chomhaontaigh an Coiste go raibh tacaíocht ghinearálta ann do dhréachtrún ón Tionól chun na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile a ghríosú chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha na loingseoireachta dorcha san earnáil mhuirí a chosc. Chomhaontaigh an Coiste an dréachtrún ón Tionól a chur ar aghaidh chuig an tríú seisiún is tríocha den Tionól, mar aon leis na tuairimí agus na barúlacha a cuireadh in iúl ag an seisiún seo, lena mbreithniú tuilleadh d'fhonn bailchríoch a chur air agus é a ghlacadh ag A 33.

Mar chuid den chóras iltaobhach domhanda, cloíonn an tAontas leis na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (NA) lena bhforchuirtear smachtbhannaí ar thríú tíortha, agus déanann sé iad a thrasuí i reachtaíocht an Aontais. Forchuireann sé a smachtbhannaí féin (bearta uathrialacha an Aontais) nó cuireann sé a shrianta féin leis sa bhreis ar na srianta sin atá sainordaithe ag na Náisiúin Aontaithe (córais smachtbhannaí mheasctha).

Meastar go rachaidh glacadh an dréachtRún chun tairbhe do chur chun feidhme Airteagal 3eb agus Airteagal 3ec de Rialachán 833/2014 ón gComhairle.

Dá bhrí sin, ba cheart gurbh é seasamh an Aontais tacú le glacadh an Rúin seo chun a áirithiú go mbeidh bearta a thugtar isteach ar leibhéal IMO chun aghaidh a thabhairt ar 'oibríochtaí dorcha' a bhféadfadh a n-aidhm nó a n-éifeacht smachtbhannaí a shárú nó teacht timpeall orthu, go mbeidh na bearta sin comhsheasmhach leis na bearta is infheidhme ar leibhéal an Aontais.

## 3.6. Reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh agus inniúlacht an Aontais Eorpaigh

### *3.6.1. Leasuithe ar na Treoirlínte faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2021*

Le Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 leagtar síos rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge[1]. Cruthaíonn sé córas ceadúnúcháin (aitheantais), atá faoi réir roinnt critéar agus oibleagáidí chun a áirithiú go gcuireann eagraíocht aitheanta na caighdeáin chéanna i bhfeidhm ar gach long ina clár, gan beann ar an mbratach atá ar foluain ag na longa.

In Iarscríbhinn I, critéar B7(k) den Rialachán sin, sonraítear an méid seo a leanas:

'7. Ní mór don eagraíocht aitheanta an méid seo a leanas a áirithiú:

(k) maidir leis na suirbhéireachtaí reachtúla agus na cigireachtaí reachtúla a éilítear leis an gcóras comhchuibhithe suirbhéireachta agus deimhnithe agus a n-údaraítear don eagraíocht aitheanta iad a dhéanamh, go ndéantar iad i gcomhréir leis an bhforáil a leagtar amach san Iarscríbhinn agus san Aguisín a ghabhann le Rún IMO A.948(23) ar threoirlínte suirbhéireachta faoin gcóras comhchuibhithe suirbhéireachta agus deimhnithe.' (Measfar gur tagairt é sin don leagan cothrom le dáta de Threoirlínte faoi HSSC.)

Dá bhrí sin, an t-athbhreithniú ar Threoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2021, d'fhéadfadh sé tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

### *3.6.2. Leasuithe ar na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán*

Le Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, arna leasú, leagtar síos rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna le haghaidh eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge. Ceanglaítear le pointe A.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán go mbeidh na hacmhainní teicniúla agus daonna is gá ag na hEagraíochtaí Aitheanta chun a gcuid oibre a chur i gcrích agus ceanglaítear le pointe B.1 go gcoinneoidh siad ar bun líonra domhanda suirbhéirí eisiacha. Ina theannta sin, ceanglaítear le pointe B.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán go mbeidh an acmhainn riachtanach ag na hEagraíochtaí Aitheanta chun measúnú a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as foireann cháilithe ghairmiúil agus, de bhun na bhforálacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún IMO A.913(22) i ndáil le treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistiú Sábháilteachta (ISM) ag lucht Riarachán, ar chur i bhfeidhm agus ar choinneáil ar bun an chórais bainistíochta sábháilteachta, ar tír agus ar bord long araon, arb é an córas é a bheartaítear a chumhdach leis an deimhniú.

Thairis sin, le Rialachán (CE) Uimh. 336/2006[2] ionchorpraítear an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (Cód ISM) i reachtaíocht an Aontais.

Dá bhrí sin, na leasuithe ar na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán, d'fhéadfadh siad tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 336/2006.

---

1 IO L 131, 28.5.2009, lch. 11
2 IO L 64, 4.3.2006, lch. 1

*3.6.3. Leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III*

Is é is aidhm do Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Bhratstáit a chomhlíonadh[3] a áirithiú go n-urramóidh Ballstáit an Aontais a n-oibleagáidí mar bhratstáit agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais atá ar Bhratstát faoi Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta IMO. De bhun Airteagal 7 den Treoir sin, bunaíodh nós imeachta iniúchóireachta faoi stiúir IMO agus arb é Cód III an caighdeán ábhartha ina leith, arb é is aidhm dó maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhratstáit. Ina theannta sin, cuirtear Cód III san áireamh freisin le Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, arna leasú.

Dá bhrí sin, na leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III, d'fhéadfadh siad tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2009/21/CE agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

*3.6.4. Leasuithe ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu (rún A.949(23))*

Treoir 2002/59/CE[4], arna leasú, lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí.

Le hAirteagal 20a, mír (2), tugtar aghaidh go díreach ar na pleananna le haghaidh cóiríocht do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu trína cheangal go n-ullmhófar na pleananna sin ar bhonn Rún IMO A.949(23) i dtaca le Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu agus A.950(23) maidir le seirbhísí cúnaimh mhuirí (MAS).

Dá bhrí sin, na leasuithe ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, d'fhéadfadh siad tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán 2002/59/CE.

*3.6.5. Glacadh dréachtrún ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireachta dorcha' san earnáil mhuirí a chosc.*

Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle[5] agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle[6], arna leasú, baineann siad le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

Le hAirteagal 3eb, mír 1, de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle, toirmisctear, ón 24 Iúil 2023 ar aghaidh, rochtain ar chalafoirt an Aontais do shoithí a bhíonn ag gabháil d'aistrithe ó long go long a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad na nithe seo a leanas: an toirmeasc, a leagtar síos in Airteagal 3 m, mír 1 agus 2 den Rialachán sin, *'amhola nó táirgí peitriliam a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, más de thionscnamh na Rúise iad nó má onnmhairítear ón Rúis iad'* agus *'cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais nó aon seirbhísí eile a bhaineann leis an toirmeasc [ar na nithe deireanacha sin] a sholáthar go díreach nó go hindíreach"*; an toirmeasc, a leagtar síos in Airteagal 3n, mír 1 agus 4 den Rialachán sin, *'cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, nithe a bhaineann le trádáil, bróicéireacht nó iompar, lena n-áirítear trí aistrithe ó long go long, chuig tríú tíortha amhola nó táirgí peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV ar de thionscnamh na Rúise iad nó a*

[3] IO L 131, 28.5.2009, lch. 132
[4] IO L 208, 5.8.2002, lch. 10
[5] IO L 229, 31.7.2014, lch. 13
[6] IO L 229, 31.7.2014, lch. 1

*onnmhairíodh ón Rúis'* agus *'trádáil, bróicéireireacht a dhéanamh ar nó iompar, lena n-áirítear trí aistrithe ó long go long, chuig tríú tíortha, amhola a thagann faoi chód AC 2709 00, amhail ón 5 Nollaig 2022, nó táirgí peitriliam a thagann faoi chód AC 2710, amhail ón 5 Feabhra 2023, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis'.*

Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 3eb, mír 2 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle cuirtear toirmeasc ar rochtain ar shoithí nach dtugann fógra don údarás inniúil 48 uair an chloig roimh ré ar a laghad maidir le haistriú ó long go long a dhéanfar laistigh de Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ballstáit nó laistigh de 12 mhuirmhíle ó bhonnlíne chósta an Bhallstáit sin.

Le hAirteagal 3ec de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle, toirmisctear, amhail ón 24 Iúil 2023, rochtain ar chalafoirt an Aontais do shoithí a bhfuil amhras ann ina leith go gcuireann siad isteach go neamhdhleathach ar a gcóras aitheantais uathoibríoch longiompartha (AIS) nó go ndearna siad é a dhíchumasú ar bhealach eile ag aon phointe den turas chuig calafoirt nó glais Ballstáit, de shárú ar Rialachán SOLAS V/19, pointe 2.4, agus amhola nó táirgí peitriliam Rúiseacha á n-iompar acu faoi réir na dtoirmeasc thuasluaite a leagtar amach in Airteagal 3 m(1) agus (2) agus in Airteagal 3n(1) agus (4).

Foráiltear sa Rún atá beartaithe maidir le sainmhíniú ar an 'chabhlach dorcha' nó ar an 'scáthfhlít' a chuimseodh freisin 'longa atá ag gabháil d'oibríochtaí neamhdhleathacha chun críocha dul timpeall ar smachtbhannaí' trí iompar a chumhdaítear le hAirteagal 3eb agus 3ec de Rialachán 833/2014 ón gComhairle, agus iarrtar ar Bhallstáit IMO (lena n-áirítear Ballstáit an Aontais) gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí neamhdhleathacha den sórt sin a chosc.

Dá bhrí sin, le glacadh dréachtrún ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun cosc a chur ar oibríochtaí aindleathacha na 'loingseoireachta dorcha' san earnáil mhuirí, féadfar tionchar cinntitheach a imirt ar chur i bhfeidhm Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle.

*3.6.6. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh*

Baineann ábhar an ghnímh atá beartaithe le réimse a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE ós rud é gur dócha go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe 'difear do chomhrialacha nó go n-athróidh siad a raon feidhme'),

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú.[7]

[7] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'.[8]

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Thionól IMO a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo atá sa ghníomhartha a n-iarrtar ar an Tionól iad a ghlacadh. D'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil sa reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh agus go sonrach:

– Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge. Tá sin amhlaidh toisc go n-éilíonn sé ar eagraíocht aitheanta a áirithiú go ndéantar na suirbhéanna agus na cigireachtaí reachtúla i gcomhréir leis na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe. . Ina theannta sin, leis an Rialachán, cuirtear d'oibleagáid ar eagraíochtaí aitheanta na hacmhainní is gá a bheith acu chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chórais bainistíochta sábháilteachta agus é a choinneáil ar bun, ar tír agus ar bord long araon, córas a bhfuil sé beartaithe a chumhdach sa deimhniú, trí úsáid a bhaint as foireann cháilithe agus de bhun na dtreoirlínte maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (ISM) ag lucht Riarachán. Cuirtear Cód III san áireamh freisin i gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'coinbhinsiúin idirnáisiúnta' i Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, arna leasú.
– Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 lena n-ionchorpraítear an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (Cód ISM) i reachtaíocht an Aontais, agus ar gá dóibh na leasuithe a glacadh i ndáil le Rún IMO A.1118(30) maidir le treoirlínte i ndáil le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (ISM) ag lucht riarachán a chur san áireamh.
– lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Bhratstáit a chomhlíonadh. Is amhlaidh atá toisc gur uirlis tacaíochta é an liosta neamh-uileghabhálach chun Scéim Iniúchóireachta na mBallstát IMO (IMSAS) a chur chun feidhme, scéim a luaitear sa Treoir thuasluaite.
– Rialachán 2002/59/CE lena mbunaítear córas faireacháin agus tráchta soithí de chuid an Chomhphobail. Is amhlaidh atá toisc le hAirteagal 20a maidir le pleananna le haghaidh cóiríocht do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, tagraítear go díreach do rún A.949(23) IMO a athbhreithneofar.
– Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine. Is amhlaidh atá toisc go gcuimsítear leis an dréachtRún oibríochtaí a thoirmisctear faoi Airteagal 3eb agus Airteagal 3ec de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle. Dá réir sin, ba cheart don Aontas a áirithiú maidir le haon bheart a thugtar isteach ar leibhéal IMO chun aghaidh a thabhairt ar 'oibríochtaí dorcha' a bhfuil sé d'aidhm acu nó d'éifeacht acu

[8] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61-64.

smachtbhannaí a shárú nó dul timpeall orthu, go mbeidh an beart sin comhsheasmhach leis na bearta is infheidhme ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 3eb agus Airteagal 3ec de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle.

Na gníomhartha atá beartaithe, ní gníomhartha iad lena ndéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an muiriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2023/0380 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 33ú seisiún den Tionól i dtaca le glacadh na leasuithe ar na Treoirlínte faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta ag lucht Riarachán, Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí a bhaineann le Cód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO agus na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, agus glacadh an dréachtRúin ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireacht dhorcha' san earnáil mhuirí a chosc.**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('IMO') i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

(2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc. Tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. Níl an tAontas ina chomhalta de IMO.

(3) De bhun Airteagal 15(j) de Choinbhinsiún IMO, féadfaidh an Tionól rialacháin agus treoirlínte a ghlacadh le haghaidh Comhaltaí maidir le sábháilteacht mhuirí, cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, mar aon le nithe eile a bhaineann le héifeacht na loingseoireachta ar an gcomhshaol muirí a sannadh don Eagraíocht nó a sannadh ag an Eagraíocht faoi ionstraimí idirnáisiúnta, nó leasuithe ar na rialacháin agus na treoirlínte a cuireadh faoina bráid.

(4) Le linn an 33ú seisiún de Thionól IMO a reáchtálfar ón 27 Samhain go dtí an 6 Nollaig 2023, táthar chun na Treoirlínte faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC), 2023 a ghlacadh agus rún A.1156(32) ó Thionól IMO a chúlghairm, ar rún é a chuimsíonn Treoirlínte Suirbhéireachta HSSC, 2021, chun leasuithe a ghlacadh ar na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán, ar Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí a bhaineann le Cód III, agus ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, chomh maith le dréachtRún ón Tionól a ghlacadh chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha 'loingseoireacht dhorcha' san earnáil mhuirí a chosc.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 33ú seisiún de Thionól IMO, toisc go bhféadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach

a imirt ar a bhfuil i ndlí an Aontais, mar atá Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d’eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge[1], Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 lena n-ionchorpraítear an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta (Cód ISM) i reachtaíocht an Aontais[2], Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Bhratstáit a chomhlíonadh[3], Rialachán 2002/59/CE lena mbunaítear córas faireacháin agus tráchta soithí de chuid an Chomhphobail[4], Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine[5] agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine[6].

(6) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú le glacadh Threoirlínte Suirbhéireachta HSSC, 2023 agus le cúlghairm Threoirlínte Suirbhéireachta HSSC 2021 agus leis na leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III toisc go n-áiritheofar leis sin go mbeidh siad cothrom le dáta.

(7) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar Threoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán chun treoir a thabhairt maidir le ciansuirbhéanna agus cianiniúchtaí a fhorbairt.

(8) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu (rún A.949(23)) chun creat soiléir a chur ar fáil, chun déileáil le long atá ag lorg áit dídine, ar bhealach comhsheasmhach comhchuibhithe.

(9) Ba cheart don Aontas tacú le glacadh an dréachtRúin ón Tionól chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha ‘loingseoireacht dorcha’ san earnáil mhuirí a chosc, ar deachtrún é a mheastar a rachaidh chun tairbhe do chur chun feidhme Airteagail 3eb agus 3ec de Rialachán 833/2014 ón gComhairle, d’fhonn a áirithiú go mbeidh aon bheart a thugtar isteach ar leibhéal IMO chun aghaidh a thabhairt ar ‘oibríochtaí dorcha’, a bhfuil sé d’aidhm acu nó d’éifeacht acu smachtbhannaí a shárú nó dul timpeall orthu, go mbeidh na bearta sin comhsheasmhach leis na bearta is infheidhme ar leibhéal an Aontais.

(10) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de IMO, agus ag an gCoimisiún, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 33ú seisiún de Thionól na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (‘IMO’), is é a bheidh ann aontú leis na leasuithe seo a leanas: leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC), 2021 agus rún A.1156(32) ó Thionól IMO a chúlghairm; leasuithe ar na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme Chód ISM ag lucht Riarachán: leasuithe ar Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá

1 IO L 131, 28.5.2009, lch. 11
2 IO L 64, 4.3.2006, lch. 1
3 IO L 131, 28.5.2009, lch. 132
4 IO L 208, 5.8.2002, lch. 10
5 IO L 229, 31.7.2014, lch. 13
6 IO L 229, 31.7.2014, lch. 1

ábhartha do Chód III agus na Treoirlínte maidir le háiteanna dídine do longa a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, agus comhaontú le dréachtRún ón Tionól a ghlacadh chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun oibríochtaí aindleathacha ‘loingseoireacht dhorcha’ san earnáil mhuirí a chosc.

*Airteagal 2*

An Coimisiún agus Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de Thionól IMO, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*